**Tomhais**

**Airgead**

**Próca Suibhe**

| **Gné** | **f**<br>**An foghlaimeoir** | **g**<br>**An foghlaimeoir** | **h**<br>**An foghlaimeoir** |
|---|---|---|---|
| **Réasúnaíocht** | Roghnaíonn sé straitéisí meabhracha le haghaidh ríomhanna agus meastacháin, agus é ag brath ar an gcomhthéacs. | Baineann sé úsáid as meastacháin chun réasúnaíocht áirimh a mheas. | Cuireann sé luachanna earraí i gcomparáid agus é ag úsáid réimse leathan straitéisí (mar shampla: comparáid a dhéanamh de réir phraghas an aonaid). |

https://www.curriculumonline.ie/getmedia/0c05b7e0-be97-4722-b847-839718e93c83/GA_PMC_PC7_Tomhais_Airgead.pdf

Déanann an córas marcála measúnú ar chumas an dalta costas próca amháin de shubh sútha craobh a chinneadh bunaithe ar an bhfógra tairisceana speisialta agus a mheas cé acu an tairiscint is fearr "Ceannaigh ceann, faigh ceann eile saor in aisce" nó "Trí cheann ar phraghas dhá cheann."

| Catagóir | Critéir | Tuairimí |
|---|---|---|
| **Costas Próca Amháin**<br><br>Bíonn an ceart ag an dalta maidir leis an gcostas a bhaineann le próca amháin de shubh sútha craobh bunaithe ar an bhfógra<br><br>Tugann sé réasúnaíocht shoiléir | B'fhéidir go bhfeicfidh / nach bhfeicfidh foghlaimeoirí láithreach go bhfuil próca suibhe amháin €2.99. | |

| | | |
|---|---|---|
| **Comparáid idir Tairiscintí Speisialta**<br><br>Aithníonn an dalta an tairiscint is fearr idir "Ceannaigh ceann, faigh ceann eile saor in aisce" agus "Trí cheann ar phraghas dhá cheann"<br><br>Tugann sé cúiseanna soiléire agus loighciúla a thacaíonn leis an rogha<br><br>Smaoiníonn sé ar thosca amhail costas foriomlán, coigilteas agus an méid suibhe atá tú a fháil | D'fhéadfadh foghlaimeoirí costas trí phróca suibhe agus dhá phróca suibhe a ríomh agus comparáid a dhéanamh eatarthu. | |
| **Réasúnaíocht agus Míniú**<br><br>Tugann sé mínithe dea-réasúnaithe agus mionsonraithe ar an tairiscint is fearr<br><br>Léiríonn sé tuiscint ar choincheapa an choigiltis agus luach ar airgead | Tuigeann foghlaimeoirí gurb ionann ‘ceannaigh ceann, faigh ceann saor in aisce’ agus ‘ceannaigh ceithre cheann, faigh dhá cheann saor in aisce’ | |